Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**FÓGRA MAIDIR LE COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE DO DHAINGNIÚ ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH ARNA DHÉANAMH FAOI ALT 76 D'ACHT NA dTITHE, 1966, AGUS FAOIN TRÍÚ SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN ACHT SIN, ARNA LEATHNÚ LE hALT 10 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (UIMH. 2), 1960, AGUS FAOI AILT 213 AGUS 227 DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ) AGUS FAOI ALT 184 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001, A MHÉID A BHAINEANN LEIS AN TALAMH AR FAD LENA mBAINEANN AN tORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH, AR FÓGRA É ATÁ LE FOILSIÚ DE RÉIR ALT 78(1) D'ACHT NA dTITHE, 1966, ARNA LEASÚ LEIS AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ).**

# TALAMH A FHÁIL GO hÉIGEANTACH

## ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH UIMH. 1, 2022 CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE (TAILTE AG INIS OÍRR), (BONNEAGAR AGUS OIBRÍOCHTAÍ).

Ar an 21 Márta 2023, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe Ordú chun an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh thuasainmnithe a dhaingniú gan mhodhnú a mhéid a bhaineann leis an talamh a thuairiscítear sa Sceideal a ghabhann leis seo.

Leis an Ordú sin, arna dhaingniú amhlaidh, údaraítear do Chomhairle Chontae na Gaillimhe an talamh a thuairiscítear i gCuid I agus i gCuid II den Sceideal a ghabhann leis seo a fháil go héigeantach agus na cearta príobháideacha a thuairiscítear i gCuid III agus i gCuid IV den Sceideal a ghabhann leis seo a fháil, d'fhonn méadú cé agus oibreacha gaolmhara ag Cé Inis Oírr, Inis Oírr, Contae na Gaillimhe, a thógáil de bhun ceadú arna dheonú ag an mBord de bhun alt 226 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) faoi uimhir thagartha ABP 07.EF2023.

Is féidir cóip den ordú arna dhaingniú amhlaidh, agus den Sceideal a ghabhann leis, agus den léarscáil dá dtagraitear ann agus a taisceadh in éineacht leis, a fheiceáil ag an seoladh seo a leanas:

- **Oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Cathair na Gaillimhe.**
- **Oifigí Thoghcheantar Chonamara Theas, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe;**

idir 9.30am agus 4.00pm ó Luan go hAoine.

Tá cóip den ordú agus den Sceideal a ghabhann leis agus den léarscáil dá dtagraítear ann agus a taisceadh in éineacht leis ar fáil lena hiniúchadh agus lena híoslódáil freisin (i bhfoirm anaithnidithe) ar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag: https://www.galway.ie/en/services/roads/marine/

Tiocfaidh an t-ordú, arna dhaingniú amhlaidh, i ngníomh trí seachtaine tar éis an dáta a fhoilsítear an fógra seo.

Féadfar iarratas ar athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh Chomhairle Chontae na Gaillimhe a dhéanamh faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986) chuig an Ard-Chúirt laistigh d'ocht seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo de réir Alt 50 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú. Is féidir teacht ar fhaisnéis phraiticiúil maidir leis an bpróiseas a bhaineann le hathbhreithniú ag an seoladh idirlín seo a leanas:

https://www.citizensinformation.ie/en/environment/buildings_and_structures/judicial_review_in_planning_and_environmental_matters.html

**Arna dhátú: an 21ú lá seo de Mhárta 2023**

**Jean Brann,**
**Rúnaí Contae**
**Comhairle Chontae na Gaillimhe**